

*...quoniam tenore intellecti dñm deputat... nro pspere venie ar regni huiusmodi...
...iam suscipere. Zane magnope gratulor suam dñitatem huiusmodi pbi...
...am acceptare et proinde maxime optima ut pspere et felicitate sibi sur...
...dat in aibns n m qd possim expmre qd quod aig pdecessor ngr Micholm...
...aldus se in gubernamie Regni bene gerelat. Omnia...
...nt ad a...*




COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN



*...nglirantab ptoet et me a tempo par confecta... oia facta m...
...nffab m... et...
...bfernaros n: approbaroe dute p... nmem imponat hif que maie...
...at regine suo dñaroi qmiffir qm ad oia negotia que niffi pderant...
...edmarham ad suam celitudinem Et optinem ut nro ngr niffab...
...lent esset qm ipe oia p... expme que ad formam parf ultimot et /i...
...optime et pspere valeant vno dñaroes Ev R... o*

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

45 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

www.irishmanuscripts.ie

CLÁR ÁBHAIR

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH	2	CUNTAIS INIÚCHTA	19
Brollach	3	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	20
Boird, coistí agus fochoistí	4	Clár Comhardaithe	21
An Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán	5	Ráiteas faoi shreabhadh airgid	22
Fochoistí	5		
<i>An Coiste um Athbhreithniú Straitéiseach</i>	5	NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	23
Baill Foirne	5	1. Polasaithe cuntasafóchta	23
Seirbhísí	5	1.1. Bunús an ullmhúcháin	23
<i>An tseirbhís náisiúnta comhiomlánóra – Europeana</i>	6	1.2. Ioncam	23
<i>Eagráin Digiteacha CLÉ</i>	6	1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas	23
Foilseacháin	7	1.4. Stoc	23
<i>Analecta Hibernica No. 42</i>	7	1.5. Pinsin	23
<i>The Irish Defence Forces 1940–1949.</i>		1.6. Cánachas	23
<i>The Chief of Staff's reports</i>	8	1.7. Deontais Rialtais	23
<i>Pauper Limerick: The Register of the Limerick House of Industry, 1774–1793</i>	8	2. Ioncam	23
<i>Calendar of material relating to Ireland from the High Court of Admiralty, 1641–1660</i>	8	3. Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta	23
Seoltaí	8	4. Barrachas don bhliain	24
Airgeadas	9	5. Fostaithe	24
		6. Costais phinsin	24
FAISNÉIS CHUIDEACHTA	10	7. Sócmhainní inláimhsithe	24
		8. Stoic	24
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	12	9. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	25
Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt sa todhchaí	13	10. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	25
Príomhghníomhaíochtaí	13	11. Ioncam iarchurtha	25
Athbhreithniú gnó	13	12. Cúlchistí Comhionannais	25
Forbairt sa todhchaí	13	13. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí Ranníocaíocht Chaipitiúil	25
Torthaí	13	14. Idirbhearta páirtí gaolmhara	26
Staid Cúrsaí	13	15. Máthairghnóthas deiridh	26
Na stiúirthóirí agus a gcuid leasanna	14	16. Faomhadh na ráiteas airgeadais	26
Ranníocaíochtaí polaitiúla	14		
Freagrachtaí na Stiúirthóirí	14	TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR ÉIFEACHTULACHT FUINNIMH	26
Na leabhair chuntais	14	Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2011	26
Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí	14	Feidhmíocht fuinnimh	26
Iniúcháirí	15		
TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH NA N-INIÚCHÓIRÍ	16		
Freagrachtaí na stiúirthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach	17		
Bunús na tuairime	17		
Tuairim	18		

Tuarascáil an Chathaoirligh



Brollach

Corpraíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), a bhunaigh W.T. Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle i 1928, mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar an 24 Eanáir 2006.

I Márta 2011, thar ceann an Choimisiúin, rinne mé comhghairdeas leis an Uasal Jimmy Deenihan, T. D., nuair a ceapadh é mar Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus gheall mé dó go raibh CLÉ leagtha ar oibriú ar bhealach cuiditheach leis féin agus lena Roinn chun tacú le cuspóirí straitéiseacha an Rialtais agus chun príomh-shainchúram an Choimisiúin a chomhlíonadh: is é sin ná príomhfhoinsí stair agus oidhrecht chultúrtha na hÉireann – iad siúd atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon – a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn. Nuair a ghlac sé lena *Phlean Forbartha Straitéisí, 2012–2016* i Meán Fómhair 2011 d'athdhearbhaigh an Coimisiún gur mian leis comhairle a thabhairt don Rialtas a threoróidh an beartas maidir le cúram, caomhnú agus scaipeadh ábhar príomhfhoinsí atá riachtanach chun stair na hÉireann a thuiscint agus a scríobh in Éirinn agus ar fud an domhain.

I 2011 chuaigh an Coimisiún i ngleic go hiomlán leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus í ag iarraidh struchtúir oiriúnacha rialachais a fháil don Choimisiún, don Chartlann Náisiúnta, agus do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. I 2011, bhí rún daingean ag an gCoimisiún fós cur faoi deara a chuid tásca lárnaigh, mar fhoilsitheoir príomhdhoiciméad agus lámhscríbhinní agus mar chomhairleoir ar chaomhnú oidhrecht dhoiciméadach na hÉireann, a chumhdach i cibé struchtúir rialachais nua a thiofadh chun cinn. Thug an Coimisiún faoi deara go gcoimeádfadh sé a fhéiniúlacht ar leithligh nuair a chuirfear socruithe rialachais nua i bhfeidhm (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Public service reform 17 Samhain 2011*, Aguisín II: *Rationalisation of State Agencies*, lch. 7).

Le linn 2011 lean CLÉ air ag gníomhú mar chomhiomlánóir náisiúnta ábhair don tairseach oidhreachta cultúrtha (www.europeana.eu) le haghaidh na n-institiúidí cultúrtha náisiúnta. Tugtar cur síos breise air sin sa roinn Seirbhísí thíos (*An tseirbhís náisiúnta comhiomlánóra – Europeana*, lch. 5).

I dteannta leis na tairseacha Eorpacha atá tábhachtach don earnáil oidhreachta cultúrtha, thacaigh CLÉ le tionscnaimh chun tairseacha náisiúnta tábhachtacha a fhorbairt. Tá ionadaíocht ag CLÉ ar Ghrúpa Stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann, seirbhís ghréasáin a chuireann ar chumas cartlann, idir cartlanna móra agus beaga, a gcuid tuairiscí bailiúcháin a uaslódáil don tairseach agus a cheadaíonn bailiúcháin chartlainne na hÉireann a chuardach ar fud stór. D'óstáil CLÉ seoladh oifigiúil láithreán gréasáin Acmhainn Chartlainne na hÉireann ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean ar an 3 Márta 2011. I measc an ábhair atá ar fáil tríd an tairseach faoi láthair tá taifid ar ghníomhaireachtaí reatha agus éagtha rialtais agus rialtais áitiúil, ar dhaoine aonair, eastáit talún, chlubanna, cumainn, ceardchumainn, eagraíochtaí reiligiúnacha, eagraíochtaí cultúrtha agus polaitiúla.

Chun feachtas phoiblí a mhúscailt faoin ngá le príomhthairseach a chaomhnú, bhunaigh CLÉ, mar chuid dá phlean forbartha straitéisí le haghaidh 2012–2016, léacht débhlantúil, a dtabharfar Léacht Eoin Mhic Néill air. Díreoidh léachtaí Mhic Néill go príomha ar anailís a dhéanamh ar na bealaí a dtarraingíonn staraithe eolas ó phríomhfhoinsí nó a míníonn siad iad agus ar an tábhacht a bhaineann le hábhair phríomhfhoinsí a chaomhnú don todhchaí.

Le haghaidh na ceathrú bliana i ndiaidh a chéile ghlac CLÉ páirt san Oíche Chultúir. Arís eile chuir an Coimisiún fáilte roimh an deis an obair a thaispeáint a dhéanann sé maidir le príomhfhoinsí do stair na hÉireann a chaomhnú. Thug an pobal i gcoitinne freagra dearfach air. Thug 846 duine cuairt ar Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean (méadú de 76 thar an líon cuairteoirí ón mbliain roimhe) chun tuilleadh eolais a fhoghlaim faoi obair CLÉ agus Chartlann Ailtreachta na





hÉireann (a roinneann CLÉ an foirgneamh lei). Tugadh deis do chuirteoirí ag thaispeántas CLÉ ar an gcéad urlár éisteacht leis na hollúna James Kelly agus Mary O'Dowd agus iad ag labhairt faoi obair an Choimisiúin i gcaitheamh na mblianta agus taitneamh a bhaint as taispeántas iontach d'fhoilseacháin CLÉ idir na facasamhlacha luatha ar na codicenna meánaoiseacha agus na leabhair is deireanaí a foilsíodh níos luaithe an mhí sin. Cuireadh an-spéis in Eagráin Digiteacha nua CLÉ, a raibh 37 díobh ar fáil le brabhsáil an oíche sin. Tá CLÉ faoi chomaoin na mball a d'fhreastail ar Oíche Chultúir: Máire Mac Conghail, Deirdre McMahon agus ár gcainteoirí James Kelly agus Mary O'Dowd. Thug siad a gcuid ama go flaithiúil.

Bhain ceist a d'fhiafraigh baill den phobal arís is arís eile le linn Oíche Chultúir le caomhnú agus le coimeád slán taifead pearsanta. Rachaidh an Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain (CFCR), a bunaíodh mar chuid den phlean forbartha straitéisí le haghaidh 2012–2016 i ngleic leis na ceisteanna sin.

Boird, coistí agus fochoistí

Tagann baill CLÉ ón bpobal acadúil agus ó institiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann. Is gnách go gceaptar baill ar feadh thréimhse cúig bliana; faoina chuid Airteagal Comhlachais is é líon iomlan na stiúrthóirí baill ná 21. Ag tús 2011 bhí 21 stiúrthóir baill ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Chuaigh ballraíocht cúig bliana an tOllamh Maurice Bric ar an gCoimisiún in éag in Iúil 2011. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis as a chuid seirbhíse don Choimisiún ó ceapadh é i 2006.

Ag deireadh 2011, bhí bord an Choimisiúin comhdhéanta de na 20 ball seo a leanas: James McGuire (Cathaoirleach); Nicholas Canny, OÉ na Gaillimhe; David Craig, Stiúrthóir, an Chartlann Náisiúnta; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh; Chris Flynn, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; Greta Jones, Ollscoil Uladh; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Michael Kennedy, Doiciméid ar Bheartas Eachtrach, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Aileen McClintock, Stiúrthóir agus Leaschaomhnóir Taifead, Oifig na dTaifead Poiblí, Tuaisceart Éireann; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Donal Moore, Cartlannaí Chathair Phort Láirge; Thomas O'Connor, OÉ Mhaigh Nuad; Dáibhí Ó Crónín, OÉ na Gaillimhe; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Fiona Ross, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Seo a leanas baill oinigh an Choimisiúin: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Reáchtáil an Coimisiún sé ghnáthchruinniú i 2011 chomh maith leis an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, suíonn beirt bhall ar a laghad de CLÉ ar an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta (CCN). Ba iad na baill de CLÉ ar an CCN i 2011 ná Máire Mac Conghail agus Jane Ohlmeyer. Le linn 2011 ceapadh an Breitheamh Onórach Peter Charleton mar Chathaoirleach ar an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta agus reáchtáil an Chomhairle nua a céad cruinniú ar an 13 Aibreán 2011.

An Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Is í feidhm an bhuanchoiste sin ná athbhreithniú a dhéanamh ar thograí foilseacháin de réir critéar socraithe agus moltaí a dhéanamh mar is cuí don Choimisiún iomlán. Is é ról an Choimisiúin ná diúltú do thogra nó glacadh leis i bprionsabal. Ba iad na baill den Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán i 2011 ná James McGuire (cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Dáibhí Ó Crónín, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeier. Reáchtáil an Coiste ceithre chruinniú i 2011.

Fochoistí

Bunaíodh fochoiste i 2011 chun plean nua forbartha straitéisí a ullmhú a chlúdóidh an tréimhse 2012–2016.

An Coiste um Athbhreithniú Straitéiseach

In oirchill dheireadh an Phlean Forbartha Straitéisí 2008-2011 i mí na Nollag 2011, bhunaigh an Coimisiún coiste um athbhreithniú straitéiseach i mBealtaine 2011 chun plean nua forbartha straitéisí a ullmhú le haghaidh 2012–16; chinn sé go dtarraingeofaí ball amháin den choiste ó lasmuigh den Choimisiún. Ba iad baill an choiste sin ná James McGuire, David Dickson, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Deirdre McMahon, Donal Moore agus Mary O'Dowd. D'aontaigh an Dr Maurice Manning, Seansailéir Ollscoil na hÉireann go cineálta páirt a ghlacadh mar bhall seachtrach. I Meán Fómhair 2011 d'fhaomh an Coimisiún dréacht iomlán den phlean forbartha le haghaidh 2012–16, a foilsíodh i nGaeilge agus i mBéarla ar láithreán gréasáin CLÉ mar Phlean Forbartha Straitéisí 2012–2016. Cuimsíonn sé tuarascáil ar 'Thorthaí 2008–2011' ar lch 16–17.

Baill Foirne

Tá buanfhostaí amháin ag an gCoimisiún, an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006.

Seirbhísí

Faigheann oifig CLÉ glaonna gutháin agus fiosruithe ríomhphoist ó gach cearn den domhan ar bhonn leanúnach. Déantar iad siúd a láimhseáil faoi théarmaí ár gCairt Chustaiméirí. Tá ag éirí go maith le bliain anuas le láithreán gréasáin CLÉ a seoladh i 2010. Chomh maith le foilseacháin CLÉ a thairiscint le díol ar líne ar bhealach níos áisiúla don úsáideoir, cuireann an láithreán gréasáin na seirbhísí seo a leanas ar fáil: cóipeanna digitithe inchuadaithe de shaothair as cló CLÉ; eolas ar ról CLÉ mar chomhiomlánóir le haghaidh Europeana agus pointe teagmhála dó; cur isteach tograí foilsithe ar líne; PDFanna iníoslódáilte de chatalóg leabhar is deireanaí CLÉ, tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus doiciméid bheartais. Déanfaidh CLÉ athbhreithniú rialta ar a dheardh láithreán gréasáin chun seachadadh seirbhísí a bharrfheabhsú agus a fhorbairt.

Chuaigh CLÉ i ngleic leis na meáin shóisialta le linn 2011 agus d'oscail sé cuntas Twitter (#Irishmanuscript) a úsáideadh le héifeacht ar Oíche Chultúir le haghaidh teagmhála beo le hinstiúidí cultúrtha eile maidir le freagraí na gcuaríteoirí ar an oíche. De réir ár méine sonraithe nasc a dhéanamh le pobail nua úsáideoirí déanfaidh CLÉ níos mó chun dul i ngleic le deiseanna líonraithe shóisialta.

Arís eile seoladh catalóg foilseachán 2011-2012 ag go leor comhdhálacha agus imeachtaí lenar áiríodh ár dtaispeántas ag 'Back to our past' sa RDS i nDeireadh Fómhair (áit ar thug Máire Mac Conghail caint ar cuireadh an-fháilte roimpi ar fhoilseacháin CLÉ agus an ginealeolaí), agus trí sheomraí léitheoireachta na Leabharlainne Náisiúnta agus na Cartlainne Náisiúnta. Músclaíonn an catalóg





feasacht ní hamháin ar foilseacháin CLÉ atá ar fáil le díol ach ar fhoilseacháin atá beartaithe le haghaidh 2012 agus ina dhiaidh.

Lean CLÉ air ag fógairt i History Ireland agus trí hEolaí Teaghlaigh an Ulster Historical Foundation chomh maith le turais bhóthair ginealais chuig na Stáit Aontaithe. Creidimid go bhfuil na foinsí sin fós tábhachtach maidir le feasacht a mhúscailt faoi fhoilseacháin nua CLÉ i measc sloinnteoírí agus daoine a bhfuil spéis acu sa stair.

An tseirbhís náisiúnta comhiomlánóra – Europeana

Tá seirbhís náisiúnta comhiomlánóra CLÉ le haghaidh institiúidí cultúrtha i bhfeidhm ó thús 2010. Thug Réadlann Daonnachtaí Digiteachta (RDD) Acadamh Ríoga na hÉireann cúnaimh teicniúil le comhchuibhiú a dhéanamh ar mheiteashonraí arna soláthar ag na hinstitiúidí leis na formáidí atá ag teastáil le hionghabháil ag Europeana. Ba mhaith liom an deis a thapú chun buíochas a ghabháil leis an RDD, Niall O' Leary ach go háirithe as a ionchur le linn 2011. Is cosúil go n-athrófar ról CLÉ mar chomhiomlánóir trasfhearann sa bhliain romhainn de réir mar a thugtar feidhm d'athruithe ar eagraíocht Europeana é fein, go háirithe cur i bhfeidhm iomlán an Chomhaontaithe nua um Mhalartú Sonraí a chluódóidh cearta maidir le meiteashonraí agus mionsamhlacha arna soláthar do Europeana.

Tháinig roinnt institiúidí nach raibh in ann dul i ngleic leis an tseirbhís comhiomlánóra i 2010 ar bord i 2011. Chuaigh ábhar nua ó Dhánlann Náisiúnta na hÉireann, ó Acadamh Ríoga na hÉireann (bailiúchán Doegen) agus Leabharlann OÉ na Gaillimhe (bailiúchán Balfour) beo ar Europeana le linn na bliana agus bhí plé le hinstitiúidí eile a bhfuil ábhar cultúrtha acu (lena n-áirítear Dánlann Crawford agus Institiúid Náisiúnta na Scannán, Éire) ag na céimeanna luatha ag deireadh na bliana.

Tá sé riachtanach leanúint ar aghaidh ag múscailt feasachta faoin tionscadal Eorpach tábhachtach sin i measc phobal oidhreachta cultúrtha na hÉireann mar chuid den chomhrá níos leithne faoin gcaoi ar féidir ábhar digiteach a úsáid sa Ré Dhigiteach. Is féidir go leor tairbhí a bhaint as próifíl oidhrecht chultúrtha na hÉireann a ardú i bhfianaise timpeallachta cuardaigh iltheangach mar Europeana, agus is féidir go leor tairbhí a bhaint as dul i ngleic le forbairtí mar 'shluafhoinisíú' agus as coimeád suas le plé reatha faoi athúsáid sonraí cultúrtha digiteacha, nuair a bheidh go leor institiúidí fadbhunaithe ag dul i ngleic le dúshlán teicniúla an aonú haois is fiche. Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar chomhpháirtí sna tionscail Feasachta Europeana v2 agus Europeana a rithfear thar na 36 mhí seo chugainn agus tá CLÉ ag tnúth le tacú leis an Roinn sa ról seo cibé bealach ar féidir leis. Ba mhaith liom a thaifeadadh anseo go bhfuil CLÉ faoi chomaoin a Riarthóra, an Dr Hayes as an ról a ghlac sí i rannpháirtíocht CLÉ i bhfontar Europeana.

Eagrán Digiteacha CLÉ

Lean CLÉ ar aghaidh lena chlár chun a chúl-liosta foilseachán a dhigitiú i 2011. De réir mar a rinneadh teidil a dhigitiú, cuireadh ar fáil iad le léamh tríd an roinn Eagrán Digiteacha ar láithreán gréasán CLÉ. Cé go meastar den chuid is mó go bhfuil an córas reatha chun teidil digitithe a thaispeáint sásúil, beidh CLÉ ag breathnú ar mheicníocht fheabhsaithe chun téacsanna agus torthaí cuardaigh a thaispeáint chomh maith le bealach a thairiscint chun cuardach ar fud eagrán.

Rinneadh ceathracha-haon teideal nua a dhigitiú i Meán Fómhair 2011 ag tógáil líon na n-Eagrán Digiteach atá ar fáil le léamh agus cuardach faoi láthair go ceathracha-trí. Leis an tráinse seo de dhigitiú cuireadh an chuid is mó den tsraith thábhachtach a d'fhoilsigh CLÉ ó 1930 ar fáil le léamh saor in aisce aon áit sa



domhan. Áirítear leo siúd an *Calendar of Ormond Deeds* (6 iml., 1932–43); *The Civil Survey 1654–56* (10 iml., 1931–61); *The Correspondence of Daniel O’Connell* (8 iml., 1972–80); *Correspondence of Emily Duchess of Leinster, 1731–1814* (3 iml., 1949–57); *Registry of Deeds, Dublin, Abstracts of wills, 1708–1832* (3 iml., 1954–84); agus *Books of Survey and Distribution being abstracts of various surveys and instruments to title 1636–1703* (4 iml., 1949–67). Rinneadh go leor eagrán tábhachtach neamhspleách a dhigitiú freisin: *Calendar of Orrery Papers* (1941); *Extents of Irish Monastic possessions 1540–1* (1943); *The Inchiquin Manuscripts* (1961); *The Kenmare Manuscripts* (1942); *King’s Inns Admission Papers 1607–1867* (1982); *Knights’ fees in counties Wexford, Carlow and Kilkenny* (1950); agus *Wild Geese in Spanish Flanders 1582–1700* (1964).

Measann CLÉ go bhfuil digitiú a chúl-liosta ina chuid lárnach dá shainchúram seirbhíse poiblí chun feabhas a dhéanamh ar rochtain ar na príomhfhoinsí lámhscríbhíne atá caomhnaithe i gcló aige agus ar fheasacht ina leith. Laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dó déanann CLÉ a dhícheall chun úinéir ceart an ábhair go léir a úsáidtear ar an roinn Eagrán Digiteacha dá láithreán gréasáin a aimsiú agus iad a lua. Tugann CLÉ cuireadh d’úinéirí ceart a gcreideann nár aithníodh i gceart iad ar láithreán gréasán CLÉ nó a gcreideann nach ndearnadh a gcóipcheart a urramú i gceart teagmháil a dhéanamh le CLÉ trí ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó tríd an nguthán ag + 353 1 676 1610.

Foilseacháin


Foilsíodh trí heagrán de phríomhfhoinsí i 2011 (tugtar tuairisc shonrach thíos ar a gcuid ábhair), chomh maith le *Analecta Hibernica Uimh. 42*. Faoi dheireadh na bliana bhí obair ar go leor eagrán nua go maith chun cinn agus feicfead na heagrán seo a leanas i 2012: *Analecta Hibernica No. 43* (curtha in eagar ag James Kelly); *The correspondence of James Ussher, 1600–1656* (3 iml., curtha in eagar ag Elizabethanne Boran); agus *Arrangements for the integration of Irish immigrants in England and Wales* (curtha in eagar ag Mary E. Daly).

Ní mór dom béim a leagan ar an dul chun cinn le linn 2011 ar shaothair il-imleabhar ardiomrá atá le teacht. Rinneadh eagarthóireacht agus innéacsú le linn 2011 ar go leor imleabhar de shraith *1641 Depositions* agus táimid ag súil go ndéanfar cóip réidh le priontáil le haghaidh imleabhar I – III a sheachadadh le linn 2012. Eascaíonn an t-eagrán prionta a bhfuil dhá himleabhar déag de ráitis fhinné ó éirí amach 1641 ann, ó thionscadal digitithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá cóipeagarthóireacht ar eagrán cuimsitheach (le foilsiú i gcúig himleabhar) de na forógraí go léir a eisíodh le haghaidh na hÉireann idir 1660 agus 1820 sceidealaithe le críochnú i 2012, agus déanfar na himleabhair sin a chlóchur ina dhiaidh sin. Rinneadh réamhphlé leis an eagarthóir i 2011 faoi leagan amach agus innéacsú eagrán trí-himleabhair de litreacha Seansaireachta meánaoisí agus táthar ag súil go ndéanfar an tionscadal sin a chlóchur ag tús 2013.

Analecta Hibernica No. 42


Cuimsíonn an t-eagrán sin de shraithfhoilseachán CLÉ, a chuir James Kelly in eagar, tuarascáil don Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt le haghaidh 2010 agus na páipéir seo a leanas: ‘A viceroy’s condemnation: Matters of inquiry into the Sidney administration, 1578’ (David Edwards); ‘Some remarks on those who were friends and enemies to the Duke of Ormonde and to the Acts of Settlement of Ireland, c. 1692’ (John Gibney); ‘Landscape in transition: Descriptions of forfeited properties in counties Meath, Louth and Cavan in 1700’ (Arnold Horner agus Rolf Loeber); ‘Samuel Turner’s information on the United Irishmen, 1797–8’ (C. J. Woods).






The Irish Defence Forces 1940–1949: the Chief of Staff's reports

San eagrán seo tugtar an ‘General Report on the Defence Forces’, tuarascáil bhliantúil, le haghaidh na mblianta 1940–9. Cuireann sé príomhfhoinsé thábhachtach don Dara Cogadh Domhanda agus do na blianta díreach ina dhiaidh ar fáil do staraithe agus don léitheoir a bhfuil spéis acu san ábhar. Ba é Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann le haghaidh an chuid is mó den tréimhse atá clúdaithe ag an eagrán seo ná an Leifteanant-Ghinearál Dan McKenna. Ag rianú mhéadú Óglaigh na hÉireann ó arm beag óglach de 8,000 go fórsa dhá rannáin de os cionn 40,000 tugann tuarascálacha bliantúla an Cheann Foirne cuntas nár foilsíodh riamh roimhe sin d’Óglaigh na hÉireann le linn an Dara Chogaidh Dhomhanda, a dtugtar sonraí iontu ar phleananna cosanta, threalamh, riocht na bhfórsaí chomh maith le hiarrachtaí chun traenáil agus trealamh a uasghrádú agus a nuachóiriú.



Pauper Limerick: the register of the Limerick House of Industry, 1774–1793

Ba iad David Fleming agus John Logan a rinne eagarthóireacht ar an eagrán seo den aon leagan amháin de chlár Theach Thionscail a tháinig slán. I gclár Theach Tionscail Luimnigh tá eolas faoi aois, chreideamh, riocht sláinte, glacadh isteach agus scaoileadh, chomh maith le sonraí eile, le haghaidh 2,747 cónaitheach le haghaidh na tréimhse 1774 go 1793 agus soláthraíonn sé taifead aonair le haghaidh grúpa shóisialta nach bhfuil mórán ionadaíochta déanta ar a scéal sa taifead staire anuas go dtí seo agus atá seachantach de riachtanas.




Calendar of material relating to Ireland from the High Court of Admiralty, 1641–1660

San eagrán seo, a chuir Elaine Murphy in eagar, tugtar cuntas féilire ar na páipéir go léir a bhaineann le hÉirinn ó 1641 go 1660 i gcomhaid an na hArd-Chúirte Aimiréalachta a choimeádtar i gCartlann Náisiúnta na Ríochta Aontaithe i Kew. Leanann an féilire sin ar aghaidh ón gceann a chuir John C. Appleby in eagar i 1992 agus a d’fhoilsigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, *A calendar of material relating to Ireland from the High Court of Admiralty examinations, 1536–1641*. Sa tréimhse atá clúdaithe ag an bhféilire seo tharla dianghníomhaíocht mhara sna farraigí timpeall na hÉireann. Tá an cogadh san fharrraige chun tosaigh i dtaifid na hArd-Chúirte Aimiréalachta a bhaineann le hÉirinn ó bhriseadh amach éirí amach Uladh i nDeireadh Fómhair 1641 go géilleadh Oileán Inis Bó Finne d’fhórsaí Cromwell in Iúil 1653. Chomh maith leis an gcoimhlint chabhlaigh tugtar eolas sna doiciméid seo faoi réimse ceisteanna mara i lár na seachtú haoise déag lena n-áirítear trádáil ó Éirinn agus chuici, úinéireacht long agus mairnéalaigh, forbairt teicneolaíochtaí cabhlaigh, foghail mara a dhéanamh agus riarachán cabhlaigh.

Seoltaí

Seoladh trí fhoilseachán de chuid an Choimisiúin i 2011, agus rinneadh dhá cheann díobh sin a sheoladh ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Thar ceann an Choimisiúin ba mhaith liom a thairfeadh anseo go bhfuilim buíoch do Chartlann Ailtireachta na hÉireann as seoltaí a éascú chomh maith le himeachtaí eile a réachtáil CLÉ i seomra an chéad urláir ag 45 Cearnóg Mhuirfean.

Ar an 3 Deireadh Fómhair, sheol an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, an tUas. Jimmy Deenihan, T. D., *Pauper Limerick: the register of the Limerick House of Industry, 1774–1793*, a chuir David Fleming agus John Logan in eagar, i Halla na Cathrach, Cé na gCeannaithe, Luimneach. Bhí an t-ionad don seoladh sin, ar fhreastail slua mór air, oiriúnach toisc go bhfuil an bun Theach Tionscail trasna na habhann ó Halla na Cathrach agus chuir na meáin chumarsáide go leor spéise san fhoilseachán sin.



Ar an 8 Samhain, ag 45 Cearnóg Mhuirfean, sheol an t-iarthaoiseach, an tUas. Liam Cosgrave, i láthair an Taoisigh, an tUas. Enda Kenny, T.D., *The Irish Defence Forces, 1940–1949: the Chief of Staff's reports*, a chuir Michael Kennedy agus an Ceannfort Victor Laing in eagar. Thug an Taoiseach óráid ag an seoladh, chomh maith leis an Leifteanant-Ghinearál Seán McCann, Ceann Foirne. Ba léir gur cuireadh an-spéis san fhoilseachán toisc gur fhreastail 178 aoí ar an seoladh, lenar áiríodh go leor ball sinseartha d'Óglaigh na hÉireann, agus clúdaíodh an imeacht san *Irish Times* agus san *Irish Independent* an lá dar gcionn.

Sa deireadh, sheol staraí na Cúirte Aimiréalachta in Éirinn, an Dr Kevin Costello ó Scoil Dlí COBÁC, an *Calendar of material relating to Ireland from the High Court of Admiralty, 1641–1660*, a chuir Elaine Murphy in eagar, ar an 15 Nollaig ag 45 Cearnóg Mhuirfean. Ina óráid mhachnamhach léirigh an Dr Costello an luach a bhaineann le príomhfhoinsí a fhoilsiú nuair a d'aithin sé iontrálacha nua a thug dátaí nua agus fianaise dhaingean maidir le himeachtaí nach raibh ach tagairt déanta dóibh i bhfoinsí tánaisteacha eile.



Airgeadas

Mar a rinne mé sna blianta roimhe, ba mhaith liom an cistiú a fuair CLÉ i 2011 ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (R/EOG) a aithint. Murach an deontas i gcabhair a sholáthair an Roinn, ní bheadh CLÉ in ann a shainchúram a chomhlíonadh. Tugann an cistiú bliantúil sin tacaíocht ríthábhachtach do chlár foilsithe CLÉ le haghaidh na bliana díreach ina diaidh.


Freisin ba mhaith liom buíochas a ghabháil anseo leis na baill don Aonad Institiúidí Cultúrtha sa R/EOG a rinne idirchaidreamh le CLÉ thar ceann na Roinne i 2011, go háirithe an tUas. Chris Flynn, Ms Sharon Barry, Ms Orlaith Gleeson agus an tUas. Peadar Caffrey, nach maireann. Táimid ag tnúth le hoibriú leis an Roinn chun sainchúram CLÉ mar fhoilsitheoir príomhfhoinsí le haghaidh startha agus chultúir na hÉireann a chomhlíonadh chomh maith le seasamh CLÉ a fhorbairt mar nasc tábhachtach idir an pobal oidhreachtach cultúrtha agus an pobal níos leithne de thaighdeoirí sna daonnachtaí.

Is mian liom a thaifeadadh go bhfuilim buíoch ach go háirithe do riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes as a cuid oibre agus tiomantais ó ceapadh í i 2006, agus i 2011 ach go háirithe.

Mar chríoch ní mór dom an méid atá scríofa agam i dtuarascálacha roimhe seo a lua arís: is é sin ná nach bhfaigheann baill CLÉ aon luach saothair as ról fíor-riachtanach a chuireann ar chumas an Choimisiúin a shainchúram a chomhlíonadh. Tá an traidisiún sin de sheirbhís don scoláireacht agus don stát araon á choimeád ó bunaíodh an Coimisiúin i 1928. Ní thugtar airgead onóra ach don chathaoirleach.



James McGuire
Cathaoirleach
Márta 2012



Faisnéis Chuideachta

Stiúrthóirí

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Maurice Bric (Scortha 25/07/11)
Nicholas Patrick Canny
David Craig
David Dickson
David Edwards
Chris Flynn
Dáibhí Ó Crónín
Greta Jones
James Kelly
Michael Kennedy
John McCafferty
Aileen McClintock
Máire Mac Conghail
Deirdre McMahon
Donal Moore
Thomas O'Connor
Ruán O'Donnell
Mary O'Dowd
Jane Ohlmeyer
Fiona Ross

Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir Chláraithe Cuideachta

414351

Uimhir Charthanais Cláraithe

CHY 17206

Seoladh Cláraithe Oifige agus Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

Iniúchóirí

Duignan Carthy O'Neill
84 Bóthar Northumberland, Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann, 39 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí



Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 i láthair.

Tuarascáil na Stiúrthóirí
de chuid Choimisiún Lámhscríbhinní
na hÉireann Teoranta
don bhliain dar críoch 31 Nollaig
2011

Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt sa todhchaí

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus chuaigh sí i mbun gníomhaíochta ar an dáta céanna.

Príomhghníomhaíochtaí

Is í príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann (CLÉ) ná príomhfhoinsí lámhscríbhinne le haghaidh stair agus chultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní dhéanfaí na foinsí sin a fhoilsiú murach sin toisc nach bhfuil siad inmhharthana ó thaobh tráchtála de réir aon sainmhínithe. Mar chomhlacht poiblí gníomhaíonn CLÉ mar chomhairleoir don rialtas, áit a theastaíonn, i leith ábhar a bhaineann le príomhfhoinsí i gcoitinne agus déanann sé feasacht phoiblí agus institiúide ar an tábhacht a bhaineann leo a chur chun cinn.

Athbhreithniú gnó

I 2008 d'fhoilsigh Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann a Phlean Forbartha Straitéisí le haghaidh na tréimhse 2008–2011. Sa phlean leagadh amach fíis don CLÉ chun feasacht faoi ábhair phríomhfhoinsí le haghaidh startha, chultúir agus oidhreacht na hÉireann a chur chun cinn chomh maith le rochtain orthu. Aithníodh tosaíochtaí straitéiseacha ann atá bunaithe ar na haidhmeanna seo a leanas: feasacht faoi phríomhfhoinsí chomh maith le rochtain orthu a fheabhsú; leanúint ar aghaidh ag gníomhú mar shainchomhairleoir maidir le lámhscríbhinní agus príomhfhoinsí i gcoitinne; agus a chúl-liosta a dhigitiú chomh mhaith le dul i ngleic le caomhnú fadtéarmach na n-acmhainní digiteacha arna gcruthú.

Forbairt sa todhchaí

I Meán Fómhair 2011 ghlac Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann le Plean Forbartha Straitéisí nua le haghaidh 2012–2016. Leanfaidh CLÉ air ag díriú a chuid acmhainní ar phríomhfhoinsí lámhscríbhinne a fhoilsiú. Freisin leanfaidh sé air ag déanamh caomhnú príomhfhoinsí ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus ag múscailt feasachta i measc an phobail faoin ngá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú toisc go mbeidh siad siúd mar phríomhfhoinsí le haghaidh staraithe a bheidh ag obair ar an aonú aois is fiche. De réir a shainchúram seirbhíse poiblí rachaidh CLÉ i ngleic le teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagrán leictreonacha dá chúl-liosta a chur ar fáil, trína láithreán gréasáin agus trí thairseacha oiriúnacha náisiúnta agus Eorpacha don oidhreacht chultúrtha. Cuirfear foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil le haghaidh úsáideoirí in Éirinn agus lasmuigh di, saor in aisce.

Torthaí

Ba é méid an bharrachais don bhliain tar éis soláthar a dhéanamh do dhímheas ná €67,651. (2010 – €74,181). Molann na stiúrthóirí an barrachas sin a choimeád chun tionscadail a chistiú sna blianta amach romhainn.

Staid Cúrsaí

Is é tuairim na stiúrthóirí ná go bhfuil staid chúrsaí na cuideachta sásúil agus nár tharla aon athrú ábhartha ó dháta an chláir chomhardaithe.

Na stiúrthóirí agus a gcuid leasanna

Tá an cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Tugann gach ball den chuideachta gealltanas chun cur le hacmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfaí í a fhoirceannadh agus é/í ina b(h)all di nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dó/di éirí as bheith ina b(h)all di, chun íoc as fiacha agus dliteanais na cuideachta a tabhaíodh agus sula n-éiríonn sé/sí as bheith ina b(h)all, agus as na costais, na muirir agus na speansais a bhaineann le foirceannadh agus as coigeartú chearta na rannpháirteach eatarthu féin, mar cibé méid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, nach sáraíonn aon Euro amháin.

Sealbhóidh gach stiúrthóir an oifig ar feadh cúig bliana ar a mhó agus beidh sé/sí incháilithe le hathcheapadh ina dhiaidh sin. Is ar bhonn deonach a sheirbheálann na stiúrthóirí go léir.

Ranníocaíochtaí polaitiúla

Níor tugadh aon ranníocaíochtaí polaitiúla don chuideachta le linn na bliana.

Freagrachtaí na stiúrthóirí

De réir dhlí na gcuideachtaí ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachtaí agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta le haghaidh na bliana sin. Agus iad siúd á n-ullmhú acu ceanglaítear ar na stiúrthóirí sin:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus chríonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach má tá sé mí-oiriúnach creidiúint go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chearta chuntasaíochta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta, aon tráth, seasamh airgeadais na cuideachta agus chun cur ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chaomhnú agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Na leabhair chuntais

Is iad na bearta a ghlacann na stiúrthóirí chun comhlíonadh cheanglais Alt 202, Acht na gCuideachtaí, 2001, maidir le leabhair chearta chuntais ná polasaithe agus nósanna imeachta riachtanacha um thaifeadadh idirbheart a chur i bhfeidhm, comhaltaí pearsanra cuntasáíochta oiriúnacha a fhostú a bhfuil an saineolas oiriúnach acu agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Príomhríosaí agus príomhéiginnteachtaí

Is iad na príomhríosaí agus na príomhéiginnteachtaí a mbíonn tionchar acu ar Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann ná cistiú leanúnach ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt anuas go Márta 2011; an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta anuas go Márta 2010) agus cónascadh beartaithe na Cartlainne Náisiúnta agus Choimisiún

Lámhscríbhinní Éireann leis an Leabharlann Náisiúnta. Tá buiséad bliantúil faighte ag CLÉ anuas go dtí seo a chuir ar a chumas a phríomh-shainchúram, mar atá foilsíú, a chomhlíonadh ach le hionchas reatha an gheilleagair meabhraítear dúinn go mbíonn cistiú dóthanach i mbaol i gcónaí. I láthair na huaire níltear cinnte cén tionchar a bheidh ag cónascadh beartaithe CLÉ i struchtúr níos mó ar oibriú an Choimisiúin, cé go gcreidtear go gcoimeádfar ról CLÉ mar chomhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar fhoilsíú príomhfhoinsí lámhscríbhinnne sna socrúithe nua.

Iniúcháirí

Chuir na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh i mbun a gcuid dualgas de réir fhorálacha Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

James Ivan McGuire
Stiúrthóir
14 Feabhra 2012

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir
14 Feabhra 2012

Tuarascáil Neamhspleách na n-Iniúcháirí



Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 ar leathanach 7 go 15, a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sin faoi na polasaithe cuntasáochta atá leagtha amach ar leathanach 10.

Déantar an tuarascáil seo chuig baill na cuideachta amháin, mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh ár gcuid oibre iniúcháireachta ionas go mbeimid in ann na hábhair a gceanglaítear orainn a shonrú do bhaill na cuideachta i dtuarascáil iniúcháora, a shonrú dóibh agus níl cuspóir ar bith eile i gceist léi. A mhéid is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht chuig aon duine eile seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta le haghaidh na tuarascála seo, ná as na tuairimí ar thámgamar orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach

Mar a dtugtar tuairisc air ar leathanach 4 tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Chartered Accountants Ireland.

Is é ár gcúram ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas ábhartha dlí agus rialála agus de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (an RA agus Éire).

Tugaimid tuairisc daoibh ar ár dtuairim maidir le cibé acu an dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn agus ar ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Freisin tugaimid tuairisc daoibh ar ár dtuairim maidir le: cibé acu ar choimeád an chuideachta leabhair chearta chuntais; agus cibé acu an bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, sonraímid cibé acu an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir atá riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé acu an réitíonn clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta leis na leabhair chuntais.

Tugaimid tuairisc do na baill más amhlaidh, dar linn, nár nochtadh aon fhaisnéis atá sonraithe sa dlí i leith luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí agus, i gcás ina mbeidh sé indéanta, áirímid faisnéis den sórt sin inár dtuarascáil. Léimid an fhaisnéis eile atá cuimsithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus measaimid cibé acu an bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Ní chuimsíonn an fhaisnéis eile ach Tuarascáil na Stiúrthóirí. Déanaimid machnamh ar na himpleachtaí dár gcuid tuarascála má thagaimid ar an eolas faoi aon mhírítis chosúlacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Níl aon fhaisnéis eile faoinár gcúram.

Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (an RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar an bhfianaise atá ábhartha do na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé freisin measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais thábhachtacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar cibé acu an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go dóthanach iad.

**Tuarascáil na nIniúcháirí
Neamhspleácha**
*chuig combaltaí Choimisiún
Lámhscríbhinní na hÉireann
Teoranta*

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dúinn a thabharfaidh dearbhú réasúnta dúinn go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chialais nó trí mhíriltacht nó hearráid eile. Agus muid ag teacht ar ár dtuairim rinneamar measúnú freisin ar dhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ar dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais ná:

- go dtugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin: agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Is é ár dtuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachtaí amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin agus gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim ná gur choimeád an chuideachta leabhair chearta chuntais. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim ná go réitíonn an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanach 3-4 leis na ráitis airgeadais.


**84 Bóthar Northumberland,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4.**

16/2/2012

**Liam McQuaid
Le haghaidh agus thar ceann
Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe**

of Queen Elizabeth
a good ship, a Lord of the
from Winds, from Waves
celestial Angels spread
us, a... through the
the roaring of the air
its famous platts the
the fierce vernal winds
putting dangers of you
to leave towards the

Cuntais Iniúchta



CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

Oibríochtaí leantacha

	Notes	2011 €	2010 €
Ioncam – Díolacháin leabhair	2	31,341	23,906
Ríchíosanna		2,923	189
Costas Díolachán na dTionscadal		<u>(93,052)</u>	<u>(60,424)</u>
(Easnamh) oibríucháin		<u>(58,788)</u>	<u>(36,329)</u>
Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta	3		
— Deontas Bliantúil		260,000	260,000
— Deontas Historia		20,000	—
— Deontas iarchurtha scaoilte		—	7,979
— Comhiomlánóir Náisiúnta		—	23,650
Speansais riaracháin		(65,104)	(73,913)
Speansais Eagarthóireachta & Foilsithe		(64,006)	(79,212)
Speansais oifige		<u>(25,191)</u>	<u>(28,476)</u>
Barrachas don bhliain	4	66,911	73,699
Ús infhaighte agus ioncam cosúlach		<u>740</u>	<u>482</u>
Barrachas coimeádta don bhliain	12	<u>67,651</u>	<u>74,181</u>

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann seachas an barrachas don dá bhliain airgeadais thuas.

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 14 Feabhra 2012 agus síníodh iad thar a cheann ag:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

The Irish Manuscripts Commission, a Company Limited by Guarantee and not having a Share Capital.

	Notes	2011 €	2010 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	7	1,083	5,518
Sócmhainní Reatha			
Stoic	8	28,716	34,320
Féichiúnaithe	9	11,954	12,867
Airgead sa bhanc agus ar láimh		419,780	354,945
		<u>460,450</u>	<u>402,132</u>
Creidiúnaithe: méideanna dlite			
laistigh d'aon bhliain amháin	10	(20,254)	(34,022)
Ioncam iarchurtha	11	(36,490)	(36,490)
		<u>(56,744)</u>	<u>(70,512)</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>403,706</u>	<u>331,620</u>
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha		<u>404,789</u>	<u>337,138</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Ranníocaíocht Chaipitiúil	12	154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12	249,958	182,307
Cistí	13	<u>404,789</u>	<u>337,138</u>

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 14 Feabhra 2012 agus síníodh thar a cheann ag iad:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

Ráiteas faoi shreabhadh airgid don bhliain dar chóch 31 Nollaig 2011

	2011	2010
	€	€
Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin	66,911	73,699
Dímheas	4,435	5,857
Laghdú ar stoic	5,604	17,197
Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe	913	(1,233)
(Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe	(13,768)	12,120
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>64,095</u>	<u>107,640</u>
 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid		
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	64,095	107,640
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh a dhéanamh ar airgeadas	740	482
Ioncam Iarchurtha	—	(7,979)
Méadú ar airgead le linn na bliana	<u>64,835</u>	<u>100,143</u>
 Réiteach an ghlán-insreabhadh airgid leis an ngluaiseacht i nglanchistí		
Méadú ar airgead sa bhliain	64,835	100,143
Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2011	354,945	254,802
Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2011	<u>419,780</u>	<u>354,945</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011

1. Polasaithe cuntasáíochta

1.1. *Bunús an ullmbúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn agus reachtanna Éireannacha a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is iad na Caighdeáin Chuntasáíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fírinneach cóir ná iad siúd arna bhfoilsíú ag Chartered Accountants Ireland agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta.

1.2. *Ioncam*

Tá ioncam in ionannas le hiomlán an ioncaim a fuarthas ó dhíolacháin leabhair i ndáil leis an mbliain.

1.3. *Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas*

Soláthraítear dímeas ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta, de réir méid chothroim:

Daingneáin, feistis agus ríomhairí – 20%

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna carraireachta na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh bearnaithe i dtréimhsí má thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach carraireachta in-aisghabhála.

1.4. *Stoc*

Luacháiltear stoc leabhair ar chostas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur le linn na chéad dhá bhliana tar éis a ndáta foilsithe a mbíonn díolacháin imleabhair leabhair is airde, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a áireamh i luach an stoc. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoc leabhair mar mhall nó as feidhm.

1.5. *Pinsin*

Tá na costais phinsean arna muirearú sna ráitis airgeadais in ionannas leis an ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag an gcuideachta le linn na bliana.

Déantar an costas rialta as soláthar phinsin scoir agus sochair ghaolmhara a mhuirearú don chuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol seirbhíse na bhfostaithe ar bhunús céatadáin shíoraí de thuillimh.

1.6. *Cánachas*

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachas mar gheall ar a stádas carthanais. (Uimhir chánach carthanais: 17206)

1.7. *Deontais rialtais*

Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais chaipitiúil chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol úsáideach measta na sócmhainní. Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas bainteach.

2. Ioncam

Díorthaíodh ioncam iomlán na cuideachta le haghaidh na bliana óna príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúithi go léir in Éirinn.

3. Deontais an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

	2011	2010
	€	€
Deontas Bliantúil	260,000	260,000
Deontais aon uaire le haghaidh tionscadal speisialta	20,000	23,650
Deontas iarchurtha scaoilte (Nóta 11)	—	7,979
	<u>280,000</u>	<u>291,629</u>

Tá dliteanas teagmhasach ann chun deontais rialtais a fuarthas a aisfoc mura n-úsáidtear an deontas le haghaidh an chuspóra ar íocadh as é.

4. Barrachas don bhliain

	2011	2010
	€	€
Sonraítear an barrachas don bhliain tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú:		
Dímheas sócmhainní inláimhsithes	4,435	5,857
Airgead Onóra an Chathaoirligh	10,500	10,500
Luach Saothair na n-Iniúcháirí		
—Iniúchadh	1,845	1,815
—Obair Chuntasaíochta, Rúnaíochta, Chánachais agus Phárolla	<u>2,590</u>	<u>2,760</u>

5. Fostaithe

Líon na bhfostaithe

Ba é meánlíon na bhfostaithe le linn na bliana ná:

	2011	2010
	Líon	Líon
Líon na bhfostaithe	<u>2</u>	<u>2</u>
(Riarthóir agus Cathaoirleach san áireamh)		

Déantar anailís ar na costais foirne sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2011	2010
	€	€
Tuarastail	62,461	70,281
Pinsean	5,489	5,464
Airgead Onóra an Chathaoirligh	10,500	10,500
Costais leasa shóisialaigh	7,098	7,799
	<u>85,548</u>	<u>94,044</u>

6. Costais phinsean

Ba é méid na gcostas pinsean ná €5,489 (2010 – €5,464).

7. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin & feistis	Iomlán
Costas	€	€
Ar an 1 Eanáir 2011	29,286	29,286
Ar an 31 Nollaig 2011	<u>29,286</u>	<u>29,286</u>
Dímheas		
Ar an 1 Eanáir 2011	23,768	23,768
Muirear don bhliain	4,435	4,435
Ar an 31 Nollaig 2011	<u>28,203</u>	<u>28,203</u>
Glanluachanna leabhair		
Ar an 31 Nollaig 2011	<u>1,083</u>	<u>1,083</u>
Ar an 31 Nollaig 2010	<u>5,518</u>	<u>5,518</u>

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann troscán agus trealamh oifige eile ar luach measta de €48,710 mar bhronntanas di. Aithnítear na sócmhainní sin sna suimiúcháin thuas ar luach ainmniúil de €1.

8. Stoic

	2011	2010
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	<u>28,716</u>	<u>34,320</u>
Luacháladh stoic leabhair ar chostas nó ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.		

9. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2011	2010
	€	€
Réamhócaíochtaí agus Ioncam fabhráithe	11,954	12,867

10. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2011	2010
	€	€
Cánacha agus costais leasa shóisialaigh eile– ÍMAT/ÁSPC	6,741	6,148
Fabhruithe	13,513	27,874
	<u>20,254</u>	<u>34,022</u>

11. Ioncam iarchurtha

	2011	2010
	€	€
Deontais rialtais		
Ar an 1 Eanáir 2011	36,490	44,469
Scaoilte le linn na bliana	—	(7,979)
Ar an 31 Nollaig 2011	<u>36,490</u>	<u>36,490</u>

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead breise a fuarthas maidir le tionscadail um foilsiú leabhar. Ní raibh na tionscadail sin críochnaithe ag deireadh na bliana.

12. Cúlchistí Comhionannais

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitiúil	Iomlán
	€	€	€
Ar an 1 Eanáir 2011	182,307	154,831	337,138
Barrachas coimeáda don bhliain	67,651	—	67,651
At 31 December 2011	<u>249,958</u>	<u>154,831</u>	<u>404,789</u>

13. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí

	2011	2010
	€	€
Barrachas don bhliain	67,651	74,181
Cistí oscailte na scairshealbhóirí	337,138	262,957
	<u>404,789</u>	<u>337,138</u>

Ranníocaíocht Chaipitiúil

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann airgead ar luach €130,730 agus stoc leabhar ar luach €24,100 dó mar bhronntanas. Tugadh troscán agus trealamh oifige eile mar bhronntanas freisin agus áiríodh iad sna ráitis airgeadas ar luach ainmniúil de €1. Leis sin tugtar méid iomlán ranníocaíochta caipitiúla do €154,830.

Mar gheall ar nádúr na leabhar a fhoilsítear, tá na stiúrthóirí den tuairim gur le linn na dá bhliana tar éis a ndáta foilsithe a bhíonn díolacháin leabhar arna fhoilsiú is airde. Ar an gcúis sin, tá siad den tuairim, as na leabhair a chuirtear leis an gcuideachta, nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur san áireamh sa ranníocaíocht chaipitiúil. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoc leabhair mar mhall nó as feidhm.

14. Idirbhearta páirtí gaolmhara

Tugtar cúiteamh do stiúrthóirí as aon speansais a fhulaingítear agus iad i mbun a gcuid dualgas. Tugtar airgead onóra ar luach €10,500 le haghaidh na bliana don Chathaoirleach. Níor tharla aon idirbhearta páirtí gaolmhara eile le linn na bliana. D'aontaigh an chuideachta le hOifig na n-Oibreacha Poiblí nach mbeidh aon chíos infoctha as an spás oifige a úsáid.

15. Máthairghnóthas deiridh

Tá an chuideachta á rialú ag a cuid Ball agus ag an mBord Stiúrthóirí.

16. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 14 Feabhra 2012 agus síníodh iad thar a cheann ag:

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2011

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2011

Roinneann Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann (CLÉ) cóiríocht le Carlann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ) ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Tá úsáid fuinnimh bunaithe ar dheighilt 20:80 idir CLÉ:CAÉ ar bhunús áitiú an spáis sa teach.

Baineann príomhúsáid fuinnimh CLÉ le téamh (gás nádúrtha arna sholáthar ag Bord Gáis), soilsiú agus cumhacht (arna soláthar ag Airtricity) agus seirbhísí uisce (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).

I 2011, d'úsáid Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann 34 MWh d'fhuinneamh a bhí comhdhéanta de:

- 20 MWh de leictreachas (20% d'úsáid iomlán an fhuinnimh, is é sin na 101 MWh)
- 14 MWh de bhreosla iontaise (mar ghás nádúrtha) (20% d'úsáid iomlán an fhuinnimh, is é sin ná 71 MWh)
- Tagann 4.8 MWh den 20 MWh de leictreachas a úsáidtear ó fhoinsí in-athnuaite.¹

Déantar muirir uisce a ríomh de réir chóimheas 20:80 freisin. Le linn 2011, úsáideadh 71 mhéadar ciúbacha d'uisce of water *san fhoirgneamh iomlán*.

Feidhmíocht fuinnimh

Tá fostaí buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann agus oibríonn an oifig ag uaséifeachtúlacht ó thaobh úsáid fuinnimh laistigh de na srianta a bhaineann le foirgneamh Seoirseach athchóirithe a áitiú.

¹ Nochtadh Mheascán Breosla Airtricity: Eanáir 2010 go Nollaig 2010; tá leictreachas arna sholáthar ag Airtricity ó bhreosla in-athnuaite comhionann le 24% d'fhoinsí breosla (i bhfaisnéis bhilleála Airtricity, 16/1/12).